

Seirbhísí na Ranna Beartais

Is é atá i ranna beartais ná aonaid taighde a thugann tacaíocht do chomhlachtaí parlaiminteacha (an tUachtarán, coistí, agus an tArd Rúnaí) le linn dóibh a gcúraimí reachtacha agus institiúideacha a chomhlíonadh. Soláthraíonn siad saineolas de chineál inmheánach agus de chineál seachtrach chun tacú leis na coistí agus le comhlachtaí parlaiminteacha eile le linn dóibh reachtaíocht a cheapadh agus grinnscrúdú daonlathach a fheidhmiú.

Chun forléargas a fháil ar na seirbhísí taighde uile a chuireann Parlaimint na hEorpa ar fáil, tabhair cuairt ar: <http://www.europarl.europa.eu/thinktank/ga/sources.html>

Cad iad na tréithe a fhágann gurb aonaid uathúla iad ranna beartais?

- Tá siad tiomnaithe chun fónamh do choistí agus pléann siad le hiarrataí ar shaineolas ó na coistí.
- Oibríonn siad ar bhonn tosaíochtaí polaitiúla atá leagtha síos ag na coistí.
- Chomh maith le tacaíocht ó speisialtóirí inmheánacha a chur ar fáil, tairgeann siad rochtain ar shaineolaithe íoctha seachtracha freisin.

AN ROINN BEARTAIS UM AN MBEARTAS EACNAMAÍOCHTA, UM AN MBEARTAS EOLAÍOCHTA AGUS UM BEARTAS CHÁILÍOCHT NA BEATHA

Soláthraíonn Roinn Beartais A saineolas ardcháilíochta, anailís cothrom le dáta agus taighde neamhspleách do na **coistí a dtacaíonn sí leo: ECON, EMPL, ENVI, ITRE agus IMCO.**

Is mar seo a leanas a fhóinnann Roinn Beartais A dá Coistí:

1. **Coistí a chur i gceangal** le líonra forleathan saineolais sa réimse acadúil, i ngnólachtaí sainchomhairleoireachta speisialtóireachta, agus i meithleacha machnaimh, in institiúidí eile AE agus in eagraíochtaí idirnáisiúnta;
2. Sainchomhairle bheartais agus taighde atá spriocdhírthe go cúramach **a sholáthar** ag aon phointe sa timthriall reachtach, ar comhairle í agus ar taighde é atá neamhspleách, lena mbaineann ardcháilíocht agus ina dtugtar aird ar íogaireachtaí polaitiúla; tacú leis an ról grinnscrúdúcháin atá ag coistí;
3. **Oiriúnú a dhéanamh ar thaighde coiste** chun tacú le rannpháirteachas eolasach idir saoránaigh AE agus na Feisirí; á áirithiú go ndéantar obair pharlaiminteach ar bhealach oibiachtúil agus gur saineolaithe a dhéanann í;
4. **Bainistíocht** a dhéanamh ar bhuiséid saineolais coistí, tionscadail a chur chun feidhme, saineolas seachtrach a úsáid chun ceanglais atá leagtha síos ag comhordaitheoirí Coiste a chomhlíonadh.

Soláthraíonn anailísithe agus taighdeoirí beartais **inmheánacha** faisnéis ad-hoc agus anailís bheartais, mar fhreagra ar iarraidh shonrach nó as a stuaim féin agus tar éis dul i gcomhairle go pearsanta le Feisirí. Ina theannta sin, tacaíonn siad le hobair an Uachtaráin agus an Ard-Rúnaí i dtaca le seisiúin eolais agus faisnéis chúlra.




Déantar saineolas seachtrach íoctha a sholáthar go heisiach arna iarraidh sin ag an gcoiste, tar éis cinneadh a dhéanann comhordaitheoirí an Choiste lena mbaineann. Déantar leithreasú buiséid a leithroinnt do na coistí gach bliain chuige sin. Le linn dóibh a bheith ag obair le saineolaithe seachtracha, áirithíonn an roinn beartais go sroicheann an taighde na caighdeáin is airde agus is féidir i dtaca le neamhspleáchas agus cáilíocht de, agus go dtugann sé aghaidh ar riachtanais shonracha an choiste. Chuige sin, roghnaítear saineolaithe seachtracha trí nósanna imeachta soláthair atá bunaithe ar chritéir oibiachtúla roghnúcháin agus dhámhachtana. Déanann an roinn beartais formhaoirseacht dhlúth ar obair na saineolaithe ansin chun a áirithiú go bhfuil an obair i gcomhréir go hiomlán leis an iarraidh ar thaighde.

Is iad seo a leanas na táirgí taighde is coitianta a sholáthraíonn Roinn Beartais A:

- **“Sracfhéachaint”**: páipéar taighde 2 leathanach ina soláthraítear achoimre ghonta ar bheartas ar leith, ar thogra reachtach nó ar imeacht, lena n-áirítear faisnéis riachtanach ina bhfuil téacs agus grafaicí, móide naisc agus moltaí i leith tuilleadh ábhair léitheoireachta.
- **Faisnéisiú**: páipéar gonta taighde ina soláthraítear faisnéis chúlra maidir le hábhair atá sainithe go mion, ar faisnéis í ar féidir í a chur san áireamh, mar shampla, i ndruchtú tuarascála coiste.
- **Grinnanailís**: páipéar taighde meánfhaid ar páipéar é, de ghnáth, atá bainteach go díreach le togra reachtach nó le tuarascáil féintionscnaimh atá ar na bacáin.
- **Staidéar**: páipéar taighde de chineál níos fadtéarmaí a gcuirtear scrúduithe comparáideacha ar fáil ann de ghnáth maidir le dlíthe nó beartais Ballstát nó tríú tíortha i réimsí nach bhfuil aon anailís den sórt sin ar fáil. D’fhéadfadh sé tarlú go mbainfear úsáid astu mar bhonn le haghaidh obair pharlaiminteach níos faide anonn nó le haghaidh taighde de chineál níos spriocdhírthe.
- **Ceardlann**: sainseisiún le grúpa saineolaithe chun aghaidh a thabhairt ar shaincheist shonrach a ardaíonn an coiste. Tugann ceardlann saineolaithe neamhspleácha ar conradh as eagraíochtaí seachtracha, amhail ollscoileanna, le chéile agus ní gá go mbeadh sí ar oscailt do dhaoine den phobal.

CONAS A IARRTAR SAINEOLAS AR ROINN BEARTAIS A?



SÚIL A CHAITHEAMH AR CHOISTE ITRE

Laistigh de Roinn Beartais A, soláthraíonn [foireann shonrach](#) saineolas agus comhairle don **Choiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh (ITRE)** i réimsí uile de chuid chúraimí an choiste.

Tá freagracht ar Choiste ITRE i ndáil le beartais tionsclaíochta, taighde agus nuálaíochta AE, agus beartais AE atá bainteach le cúrsaí fuinnimh, a mhúnlú. Tá cumhachtaí agus freagrachtaí Choiste ITRE liostaithe in [larscríbhinn V de Rialacha Nós Imeachta PE](#).

TEAGLAIM PÁIPÉAR TAIGHDE A D'IARR COISTE ITRE LE DÉANAÍ

Taighde:

An Eoraip - Lárionad Domhanda i leith Taighde Sármhaith



Tá réimse an taighde agus na nuálaíochta ag éirí níos ilpholaí ná riamh agus tá an tSín tar éis ionad a fháil di féin i measc na gceannairí eolaíochta agus teicneolaíochta. Maidir leis an Aontas Eorpach, cuireann acmhainneachtaí méadaithe taighde líon níos mó daoine tréitheacha agus deiseanna ar fáil ar fud an domhain i dtaca le speisialtóireacht ach, ina theannta sin, i dtaca le hiomaíocht mhéadaithe i leith infheistíochta, daoine tréitheacha agus an ionaid mar cheannaire domhanda i réimsí bunriachtanacha teicneolaíochta.



Brexit agus 'Fís na hEorpa'



Sa doiciméad seo, tugtar achoimre ar chur i láthair agus ar phléití a bhí ann le linn na ceardlainne dar teideal "Brexit agus Fís na hEorpa" a seoladh an 21 Samhain 2018. Rinneadh measúnú ar éifeachtaí Brexit ar Chlár Fhís na hEorpa.



IFC:

Imlonnú 5G: An staid reatha san Eoraip, i Stáit Aontaithe Mheiriceá agus san Áise



San anailís fhorleathan seo, déantar comparáid idir imlonnú 5G san Aontas Eorpach agus i ngeilleagair mhóra eile - Stáit Aontaithe Mheiriceá, an tSín, an tSeapáin, Poblacht na Cóiré, Singeapór agus an Téaváin. I dtaca le raon táscairí, éiríonn go maith leis an Aontas Eorpach sa chomparáid. Ach ní rás gearrhéarma é seo. Tá 5G níos casta ná mar a bhí teicneolaíochtaí gan sreang roimhe seo agus is ceart a mheas gur tionscadal fadtéarma é ar mhaithe le dúshláin theicniúla a réiteach agus cás soiléir gnó a fhorbairt.



Fánaíocht: Bliain Amháin Tar Éis Cur Chun Feidhme




San anailís fhorleathan seo, scrúdaítear na tionchar a bhí ann bliain amháin tar éis chur chun feidhme Rialachán AE maidir le Fánaíocht, ar Rialachán é sin lenar tugadh isteach 'Fánaíocht ar Tháillí Baile' (RLAH), agus rinneadh an scrúdú sin trí athbhreithniú a dhéanamh ar an margadh miondíola agus ar an margadh mórdhíola araon. Cinneadh go raibh an margadh fánaíochta miondíola ag feidhmiú go maith i gcás fhormhór na ngeallsealbhóirí. Ach, maidir leis an margadh mórdhíola, tá gá le coigeartú ar an bpraghasteorainn mhórdhíola chun go mbeidh MVNOnna in ann dul san iomaíocht ar bhealach níos éifeachtaí.



Fuinneamh:


Cúpláil earnála: conas is féidir í a fheabhsú san Aontas Eorpach chun cobhsaíocht na n-eangach a chothú agus chun dícharbónú a dhéanamh?



Is é atá i gceist le cúpláil earnála ná méadú a dhéanamh ar chomhtháthú na hearnála críochúsáide fuinnimh agus na hearnála soláthair fuinnimh lena chéile. Is féidir leis sin feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus ar sholúbthacht an chórais fuinnimh agus, chomh maith leis sin, ar iontaofacht agus ar dhóthanacht an chórais sin. Sa bhreis air sin, is féidir le cúpláil earnála laghdú a dhéanamh ar na costais a ghabhann le dícharbónú. Chun an acmhainn iomlán atá ag baint le cúpláil earnála a chothú i ndáil le roinnt feidhmeanna críochúsáide agus soláthair, tá sé tábhachtach go gcuirfead deireadh le bacainní atá ann faoi láthair ar theicne-eacnamaíocht, ar bheartais agus ar rialáil.



Straitéisí náisiúnta maidir le hathnuaiteáin: éifeachtúlacht fuinnimh, athnuachan a chothú agus féintomhaltas



Sa tuarascáil seo, tugtar achoimre ar chur i láthair agus ar phléití a bhí ann le linn na ceardlainne a bhfuil an teideal thuas uirthi agus a seoladh an 22 Feabhra 2018. Pléadh straitéisí náisiúnta i ndáil le spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh náisiúnta agus i ndáil le beartais eile, lena n-áirítear athnuachan agus féinghiniúint leictreachais a chothú. Rinneadh an staid reatha agus an fhorbairt is dóigh a thiocfaidh uirthi a chur i láthair agus a mheasúnú agus sainaitníodh tionscnaimh bheartais ionchasacha chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin atá ann.



Teagmhálaithe Roinn Beartais A

- Roinn Beartais A - Beartais Eacnamaíochta, Eolaíochta agus Cháilíocht na Beatha ECON - EMPL - ENVI - ITRE - IMCO - poldep-economy-science@ep.europa.eu
- Foireann ITRE: Frédéric GOUARDERES - frederic.gouarderes@europarl.europa.eu - 0032 228 34484
- Foireann ITRE: Francesca BELTRAME - francesca.beltrame@europarl.europa.eu - 0032 228 32146
- Foireann ITRE: Miklos GYOERFFI - miklos.gyoerffi@europarl.europa.eu - 0032 228 32505

Tá ár gcuid páipéar taighde go léir ar fáil ar ár suíomh gréasáin.

<https://www.europarl.europa.eu/committees/ga/itre/supporting-analyses.html>

Séanadh agus cóipcheart. Is iad na húdair, agus iad siúd amháin atá freagrach as na tuairimí a nochtar sa doiciméad seo agus ní gá gurb ionann iad agus seasamh oifigiúil Pharlaimint na hEorpa. Údaraítear atáirgeadh agus aistriú chun críocha neamhthráchtála, ar choinníoll go n-admhófar an fhoinsé, agus go dtabharfar fógra roimh ré do Pharlaimint na hEorpa agus go seolfar cóip chuici. © An tAontas Eorpach, 2019.

Lámhscríbhinn arna tabhairt chun críche: Bealtaine 2019; Dáta an fhoilseacháin: Meitheamh 2019
Riarthóir a bhí freagrach as: Francesca BELTRAME; Cúntóir Eagarthóireachta: Roberto BIANCHINI

IP/A/ITRE/2019-02

Print ISBN 978-92-846-5179-5 | doi:10.2861/35788 | QA-01-19-596-GA-C
PDF ISBN 978-92-846-5191-7 | doi:10.2861/389980 | QA-01-19-596-GA-N